

Oifig an Ard-Aighne

THE OFFICE OF THE ATTORNEY GENERAL

GOVERNMENT OF IRELAND



LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí
LÉIGH GO CÚRAMACH LE DO THOIL

Comórtas oscailte maidir le ceapachán go dtí an bpost:

Oifigeach Cléireachais

in

Oifig an Ard-Aighne

&

sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí

Dáta agus am deiridh: 12 meán Iae Dé Dé Luain an 19 Nollaig 2022

TEAGMHÁIL: recruitment@lawreform.ie

www.lawreform.ie

www.attorneygeneral.ie

Uimhir Ghutháin: (353) 1 637 7609

Tá Coimisiún um Athchóiriú an Dlí agus Oifig an Ard-Aighne
tiomanta do pholasaí comhdheiseanna.

Reáchtálfaidh Coimisiún um Athchóiriú an Dlí agus Oifig an Ard-Aighne an feachtas seo i
gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Ceapacháin chuig Poist sa Státseirbhís agus
Seirbhís Phoiblí arna ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA).

An CPSA a fhoilsiúnn cóid chleachtais agus is féidir iad a fháil ar www.cpsa.ie

Uimhir Theileafóin: (353) 1 637-7609

Ríomhphost: recruitment@lawreform.ie

Suíomh Gréasáin: www.lawreform.ie & www.attorneygeneral.ie

**Oifigeach Cléireachais
in
Oifig an Ard-Aighne
&
sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí**

Réamhrá

Oifig an Ard-Aighne

Tá an tArd-Aighne ina chomhairleoir don Rialtas i gcúrsaí dlí agus tuairimí dlí agus is Oifigeach Bunreachtá é chomh maith. Is í an Oifig, mar sin, seirbhís lárnach dlí an Stáit, a chuireann comhairle agus dréachtreachtaíocht ar fáil agus a dhéanann maoirseacht ar sheoladh dlíthíochta ina mbíonn an Stát páirteach.

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Is comhlacht reachtúil é an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a bunaíodh faoin Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975. Tá cúig bhall ag an gCoimisiún - an tUachtarán, an Coimisinéir Lánaimseartha agus triúr Coimisinéirí Páirtaimseartha.

Is ról leis an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus le saineolas, moltaí a dhéanamh dá réir i gcomhair athbhreithnithe an dlí agus an dlí reatha a chur ar fáil do gach duine.

An Ról

Athróidh cineál na hoibre a bheidh an fhoireann chléireachais ina bun in Oifig an Ard-Aighne ag brath ar an Aonad san Oifig ar a mbeidh tú sannta. Is éard a bheidh i gceist go ginearálta ná dul i mbun tascanna cléireachais/riaracháin.

Léirítear sa mhéid seo a leanas na gnáthdhualgais a d'fhéadfadh a bheith ort dul ina mbun:

- Gnáthobair chléireachais e.g. comhdú, fótachóipeáil, coinneáil comhad, glaonna teileafóin a fhreagairt/a dhéanamh, déileáil le ríomhphoist;
- Tacú le bainisteoirí líne agus comhghleacaithe;
- Miontuairiscí a ghlacadh, a bheith páirteach ar choistí áirithe;
- Oibriú mar dhuine den fhoireann chun seirbhísí a chur ar fáil;
- Úsáid a bhaint as Teicneolaíocht na Faisnéise ar bhonn laethúil e.g. próiseáil focal, scarbhileoga, bunachar sonraí, Bogearraí TF speisialaithe, ríomhphost agus idirlíon;
- Taifid ar ardchaighdeán a choinneáil ar bhealach cuimsitheach agus eagraithe;
- An obair go léir a sheiceáil go críochnúil lena chinntiú go bhfuil sí déanta go caighdeán ard;
- Gnáthobair chuntasaíochta a dhéanamh;
- Dul i mbun na hoibre ar bhealach cúramach agus córasach, a bheith cruinn beacht i gcónaí, fiú nuair atáthar i mbun obair rialta/leamh;
- Aon dualgais eile a mheastar a bheith oiriúnach.

Riachtanais Iontrála agus Incháilitheacht

Ní mór d'iaratasóirí na nithe seo a bheith acu ar an dáta deiridh:

- a) an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha le dul i mbun an ról;
- b) a bheith inniúil ar an ról agus ábalta é a chomhlíonadh go dtí caighdeán ard;
- c) dea-leibhéal ginearálta oideachais;
- d) a bheith 17 mbliana d'aois ar a laghad.

Ceapacháin ó Phainéal

Bunóidh Oifig an Ard-Aighne agus an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí painéal de dhaoine a bheidh cáilithe go cuí chun folúntais a líonadh, a d'fhéadfadh teacht chun cinn in eagraíochtaí eile. Fanfaidh an painéal sin i bhfeidhm ar feadh ocht mí dhéag.

Má thairgtear post d'iarrthóir agus má ghlacann sé/sí leis, ní mór dó/di a bheith ar fáil le tosú sa phost sin laistigh de thréimhse réasúnach ama. Níl Oifig an Ard-Aighne ná an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí ábalta an méid folúntas a d'fhéadfaí a líonadh le linn shaolré an phainéil a thuar agus d'fhéadfadh sé tarlú nach ngabhfaí chomh fada le hiarrthóirí san ord fiúntais.

Ní hionann cáiliú don phainéal ná áit a bheith ag iarrthóir ar an bpainéal agus barántas go mbeidh sé/sí le ceapadh i bpost. Nuair a théitear chomh fada le hiarrthóir ar phainéal, ní dhéanfar an t-iarrthóir sin a bhreithniú de ghnáth ach do phost amháin. Nuair a bheidh iarrthóir sannta chuig post, bainfear den phainéal é/í agus ní dhéanfar é/í a bhreithniú do phost ar bith eile ina dhiaidh sin. Tabhair do d'aire go mbainfear iarrthóir den phainéal nuair a bheidh glactha aige/aici le ceapachán agus nach dtairgfear aon thairiscintí eile ar cheapachán dó/di.

Tabhair faoi deara nach ionann áit a bheith agat ar an bpainéal agus barántas go mbeidh tú le ceapadh i bpost.

Critéir shonracha iarrthóirí

Ní mór d'iarrthóirí:

- Eolas agus cumas a bheith aige/aici chun dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh
- A bheith oiriúnach ó thaobh pearsantachta de
- A bheith oiriúnach i ndáil le gach gné ábhartha eile maidir le ceapachán chuig an bpost atá i gceist.

Má éiríonn leis an iarrthóir, ní cheapfar é/í chuig an bpost ach amháin sá chás:

- Go n-aontaíonn sé/sí tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost agus go nglactar leis na cúinsí ina gcuirtear na dualgais i gcrích nó ina bhféadfadh sé bheith riachtanach chun na dualgais a chur i gcrích

- Go bhfuil sé/sí go hiomlán inniúil agus ar fáil chun tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost agus go bhfuiltear go hiomlán cumasach tabhairt fúthu sin.

Critéir Cháilitheachta Eile

Sláinte agus Carachtar

Ní mór d'iarrthóirí a bheith i ndea-sláinte, cumasach agus inniúil chun an obair a shanntar orthu dhéanamh, agus ní mór dea-charachtar a bheith acu. Iarrfar orthu sin atá faoi bhreithniúchán dearbhú sláinte agus carachtair a chomhlíonadh. Beifear ag lorg moltóirí. Beidh imréiteach slándála speisialta de dhíth do roinnt de na poist agus beidh foirm le comhlánú chun críocha Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Má bhíonn coimhlintí leasa i gceist, ní fhéadfar iarrthóirí a áireamh do phoist áirithe.

Sláinte & Dea-cháil

Ní mór sláinte mhaith a bheith ag iarrthóirí, a bheith in ann an obair a thugtar dóibh a dhéanamh agus ní mór dea-cháil a bheith orthu. Beidh ar dhaoine atá á meas don phost deimhniú sláinte agus carachtair agus Foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda a shíniú. Lorgófar teistiméireachtaí. Beidh imréiteach slándála riachtanach do phoist áirithe. Sa chás go mbeadh coinbhleacht leasa, is féidir nach gcuirfí iarrthóirí faoi mheas do phoist áirithe

Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'iarrthóirí Incháilithe:

- (a) A bheith ina saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is éard atá in LEE ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; **nó**
- (b) a bheith ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); **nó**
- (c) a bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhua an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; **nó**
- (d) a bheith ina saoránach nach saoránach de chuid an LEE é atá ina chéile nó leanbh ag saoránach LEE nó de chuid na hEilvéise a bhfuil víosa stampa 4 aige; **nó**
- (e) duine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta bronnta air faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon duine den teaghlach atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige **nó**
- (f) a bheith ina saoránach nach saoránach de chuid an LEE é atá ina thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá ina shaoránach de chuid ballstáit LEE, agus atá ina chónaí i mballstát LEE, nó de chuid na hEilvéise agus a bhfuil víosa stampa 4 aige

Le cáiliú, ní foláir d'iarrthóirí ceann de na critéir shaoránachta thuas a shásamh faoin dáta a dtairgfear post.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí

Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex gratia le Seirbhísigh Phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach leis an litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra. Is coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (mar a mhínítear é sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 go 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an fhostaíochta a fhoirceannadh. Beidh ar dhaoine a bhain leas

as an scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

An Scéim Dreasaachta Luathscoir (ISER):

Is coinníoll de chuid na Scéime Dreasaachta Luathscoir (ISER) é mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais nach bhfuil daoine atá ar scor, faoin Scéim sin, incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Ní féidir, mar sin, le daoine den sórt sin iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

Ciorclán (7/2010) ón Roinn Sláinte agus Leanaí:

Tugadh isteach an Scéim Spriocdhírthe um Luathscor Deonach (LD) agus na Scéimeanna um Iomarcaíocht Dheonach (SID) le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010. Is coinníoll de chuid na Scéime LD é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an Scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí ná sa tseirbhís poiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go príomha as airgead poiblí. Tá an toirmeasc céanna i bhfeidhm maidir le hathfhostú faoi na SIDanna, ach amháin gur toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana an toirmeasc. Ní bheidh daoine a bhain leas as an scéim LD incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as scéim VRS agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Litir Ciorcláin LG(P) 06/2013)

Tugadh isteach Scéim um Iomarcaíocht Dheonach le haghaidh Údaráis Áitiúla le Litir Ciorcláin LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. I gcomhréir le téarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá leagtha amach thuas, is coinníoll ar leith de chuid na Scéime SID é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú in aon eagraíocht de chuid na seirbhíse poiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 go 2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] go ceann tréimhse 2 bhliain ó dháta scoir faoin Scéim sin. Beidh na coinníollacha seo i bhfeidhm i gcás gur ar bhonn conartha i gcomhair seirbhíse (bíodh sé sin mar chonraitheoir nó mar fhostaí chonraitheora) atá an fostú/an fhostaíocht.

Dearbhú

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú cibé ar bhain siad leas as scéim dreasaachta luathscoir de chuid na Seirbhíse Poiblí cheana féin. Ceanglófar freisin ar iarratasóirí aon teidil chun sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú i gcás go bhfuair siad íocaíocht ionaid maidir le seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

Na Príomhchoinníollacha Seirbhíse

Ginearálta

Is ceapachán chuig post buan sa Státseirbhís é an ceapachán agus tagann sé faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005, an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm de thuras na huaire agus a bhaineann leis an Státseirbhís.

Tuarastal

Is mar seo a leanas atá an tuarastal don phost seo, le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2022;

€26,599, €28,272, €28,697, €29,527, €30,750, €31,972, €33,193, €34,082,
€35,089, €36,259, €37,084, €38,242, €39,393, €41,190, €42,602¹, €43,249²

Bíonn ráta pá an RPP i bhfeidhm nuair a éilítear ar an duine aonair Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a íoc (ar a dtugtar ranníocaíocht phríomhscéime freisin) de réir rialacha na príomhscéime aoisliúntais/na scéime aoisliúntais pearsanta atá aige. Tá sé seo difriúil le ranníocaíocht maidir le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (RAB).

Beidh ráta difriúil i bhfeidhm sa chás **nach gceanglaítear** ar an té a cheaptar Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta a dhéanamh.

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha i ndiaidh 3(LSI1) agus 6(LSI2) bliana de sheirbhís shásúil a chur i gcrích ag leibhéal uasta an scála.

Nóta Tábhachtach

Is ag leibhéal íosta an scála a thosóidh an té a cheapfar agus ní bheidh an ráta luacha saothair faoi réir idirbheartaíochta. D'fhéadfaí é a athrú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha eile a bheith i gceist más státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí thú faoi láthair.

D'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais faoi réir feidhmíocht shásúil.

Aontóidh tú go ndéanfaidh tú aon ró-íocaíocht ar thuarastal, liúntais nó costais a aisíoc de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochta Tuarastail, Liúntas agus Caiteachais a rinneadh le Baill Foirne/Iar-Bhail Foirne/Pinsinéirí.

Tionacht agus Promhadh

Is chuig post buan ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís a bheidh ceapacháin ón gcomórtas seo chuig róil taighdeora in OAA agus in CAD.

Is go ceann tréimhse bliana ón dáta arna shonrú ar an gconradh a mhairfidh an conradh promhaidh. D'ainneoin an ailt seo agus an ailt díreach thíos, ní hionann sin agus a rá nach síneofaí an conradh promhaidh in imthosca cuí.

Le linn thréimhse an chonartha promhaidh le OAA nó le CAD, beidh d'fheidhmíocht faoi réir athbhreithniú an mhaoirseora (maoirseoirí) cuí chun a chinneadh cibé:

- (i) An raibh d'fheidhmíocht sásúil,
- (ii) An raibh d'iompar sásúil go ginearálta, agus

- (iii) An bhfuil tú oiriúnach ó thaobh sláinte de, ag féachaint go háirithe do shaoire bhreiteachta.

Sula dtiocfaidh deireadh leis an gconradh promhaidh, déanfar cinneadh cibé an ndéanfar nó nach ndéanfar tú a choimeád de bhun *Alt 5A(2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 – 2005*. Beidh an cinneadh sin bunaithe ar do chuid feidhmíochta arna measúnú de réir na gcritéar a leagtar amach in (i) go dtí (iii) thuas. Déanfaidh Oifig an Ard-Aighne agus an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí mionsonraí an phróisis promhaidh a mhíniú duit agus tabharfar cóip de threoirínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le promhadh duit.

D'ainneoin na n-alt roimhe seo sa chuid seo, féadfaidh ceachtar taobh an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dhul in éag do théarma an chonartha de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

In imthosca áirithe, féadfar an conradh a shíneadh agus an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí. Ní mór don dá pháirtí an síneadh a chomhaontú.

- Beidh an tréimhse phromhaidh ar fionraí le linn d'fhostaí a bheith as láthair de bharr Saoire Mháithreachais nó Saoire Uchtála
- Sa chás go bhfuil fostaí as láthair ar Shaoire do Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóra, féadfaidh an fostóir a cheangal go bhfionrófar an tréimhse phromhaidh más rud é go meastar nach bhfuil an asláithreacht ar comhréir le leanúint den phromhadh
- D'fhéadfaí an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí i gcásanna amhail asláithreacht mar gheall ar bhreiteacht neamhfhillteach. In imthosca den sórt sin, is féidir leis an bhfostaí iarratas a chur ar aghaidh chuig an bhfostóir chun síneadh a chur le tréimhse an chonartha.

Beidh tréimhse phromhaidh bliana le cur isteach ag gach duine a cheapfar. Sa chás gur státseirbhíseach a bhí ag fónamh díreach sular ceapadh é/í sa chomórtas seo an té atá ceaptha agus a bhfuil teipthe air/uirthi na coinníollacha promhaidh a shásamh, is gnách go dtiocfaidh an cheist a bhaineann le fillleadh chun cinn. I gcás fillte, fillfidh oifigeach ar fholúntas sa ghrád a bhí aige/aici cheana sa Roinn ina raibh sé/sí fostaíthe cheana.

Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach

Ní bheidh feidhm leis na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2007 maidir le foirceannadh na fostaíochta ar an gcúis amháin go dtéann an conradh promhaidh seo i léig gan a athnuachan.

Dualgais

Éileofar ort aon dualgas atá ag teacht leis an ngrád a leagtar ort a dhéanamh. Níl cead agat a bheith i mbun cleachtas príobháideach ná a bheith ceangailte le haon ghnó seachtrach a d'fhéadfadh a bheith ina chur isteach ar dhéanamh na ndualgas oifigiúil.

Ceanncheathrú

Beidh iarrthóirí a n-éireoidh leo agus a cheaptar chuig OAA lonnaithe de ghnáth i dTithe an Rialtais, Sráid Mhuirfean. Beidh iarrthóirí a n-éireoidh leo agus a cheaptar chuig an CAD lonnaithe in oifigí an Choimisiúin, Teach Styne, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. Nuair a bhítear imithe ón mbaile agus ón gceanncheathrú ar dualgas, íocfar costais taistil agus liúntais chothabhála chuí le hoifigeach.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Beidh feidhm le téarma an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997 maidir le d'fhostaíocht agus tá cur síos ar na huairéanta freastail chomh maith le teidlíochtaí saoire a bheidh i gceist thíos.

Uaireanta Freastail

Beidh na huairéanta freastail socraithe ó am go chéile ach ní bheidh níos lú ná 41.15 uair an chloig (olláireamh) in aghaidh na seachtaine nó 35 uair a chloig glan in aghaidh na seachtaine ar an meán i gceist.

Saoire Bhreiteachta

Íocfar pá le linn saoire bhreiteachta chuí-dheimhnithe ar bhonn pro rata, ar choinníoll nach mbeidh aon fhianaise ann go bhfuiltear míchumasach go buan le haghaidh seirbhíse, de réir fhorálacha na gCiorclán maidir le saoire bhreiteachta.

Beidh ar oifigigh a íocann ÁSPC ar ráta d'Aicme A mandáid a shíniú chun a thabhairt don Roinn Coimirce Sóisialaí sochair ar bith atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an Roinn ar a bhfuil tú sannta. Braithfidh íocaíocht tuarastail le linn na breiteachta ar na héilimh chuí a bheith á ndéanamh agatsa le haghaidh sochar árachais shóisialta leis an Roinn Coimirce Sóisialaí go díreach laistigh den teorainn riachtanach.

Saoire Bliantúil

Saoire bhliantúil 22 lá oibre sa bhliain a ghabhann leis an bpost ag ardú go dtí 23 lá oibre sa bhliain tar éis 5 bliana agus ag ardú go dtí 24 lá oibre sa bhliain tar éis 10 mbliana.

Fostaíocht Sheachtrach

Post lánaimseartha a bheidh sa phost agus ní fhéadfaidh an té a cheapfar a bheith rannpháirteach i gcleachtas príobháideach ná a bheith ceangailte le haon ghnó seachtrach eile a bheidh ag teacht salach ar a chuid/cuid dualgas oifigiúil, a chuirfidh isteach ar fheidhmíocht nó a chuirfidh a ionracas/a hionracas i mbaol.

Rúin Oifigiúla agus Ionracas

Beidh an ceapachán faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla 1963, arna leasú ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003. Aontóidh iarrthóirí a n-éireoidh leo gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe, cibé acu le linn na tréimhse fostaíochta nó dá éis.

Cód na Státseirbhíse um Chaighdeán agus Iompar

Beidh an ceapachán faoi réir Chód na Státseirbhíse um Chaighdeán agus Iompar.

Gníomhaíocht Pholaitiúil

Beidh an ceapachán faoi réir na rialacha lena rialáítear státseirbhísigh agus an pholaitíocht.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001

Baineann forálacha na nAchtanna seo, mar is cuí, leis an bpost seo.

Cód Pearsanra

Is féidir tuilleadh sonraí agus ciorclán maidir leis na téarmaí agus coinníollacha seo a fháil sa Chód Pearsanra atá le fáil ar an láithreán gréasáin seo a leanas www.circulars.gov.ie.

Trí iarratas a dhéanamh ar an bpost seo tuigean tú go bhfuil toiliú tugtha agat i leith na gcoinníollacha thuas.

Aoisliúntas agus Scor

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí a bheidh i réim sa Státseirbhís a chur in iúl tráth a mbeidh an post á thairiscint don iarrthóir a n-éireoidh leis. I gcás ceapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí, is iondúil go ndéantar ceapachán a thairiscint bunaithe ar bhallraíocht sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an “Scéim Aonair”). Tá na sonraí go léir maidir leis an Scéim ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie

Sa chás go raibh an té a cheapfar ag obair i gcáil inphinsin (téarmaí na Scéime neamhaonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtaine roimh an gceapachán, nó go bhfuil sé ar shos gairme nó saoire speisialta le pá/gan phá faoi láthair, d'fhéadfadh téarmaí eile a bheith i bhfeidhm. Déanfar teideal pinsin maidir le daoine ceaptha den sórt sin a bhunú i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Mar seo a leanas, na príomhchoinníollacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Aois is lú ar a bhfuil pinsin iníoctha ná 66 (ag ardú go 67 in 2021 agus 68 in 2028 i gcomhréir le hathruithe in aois Pinsin an Stáit).
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill na Scéime dul ar scor nuair a bheidh 70 bliain d'aois slánaithe acu.
- Baintear úsáid as meántuillimh gairmréime chun sochair a ríomh (pinsean agus cnapshuim carntha gach bliain agus uasráitithe gach bliain le tagairt don PIT).
- Tá ceangal idir méaduithe pinsin iarscoir leis an PIT.

Lacáiste Pinsin

- Sa chás go raibh an té a cheapfar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus pinsean á fháil aige ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Poiblí, nó sa chás go gcuirtear tús le híocaíocht pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí leis i rith a thréimhse athfhostaíochta, beidh an pinsean sin **faoi réir lacáiste** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair do d'aire: Trí iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, glacann tú leis go dtuigeann tú go mbeidh na forálacha lacáiste i bhfeidhm, nuair is ábhartha. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaíochta le hiarratas ar tharscaoileadh lacáiste maidir le ceapachán sa phost seo.**
- Mar sin féin, sa chás go raibh an té a cheapfar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus pinsean bronnta air faoi shocruithe do luathscor deonach (seachas an Scéim Dreasachta Luathscóir (ISER) nó Ciorclán 7/2010 VER/VRS ón Roinn Sláinte, nó Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a fhágfaidh nach mbeidh duine incháilithe don chomórtas), beidh deireadh leis an teidlíocht ar an bpinsean sin ó dháta an athcheapacháin. D'fhéadfaí socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, chun seirbhís roimhe sin arna tabhairt ag an gceapaí a chur san áireamh chun críocha aon dámhachtain aoisliúntais a bhféadfadh an ceapaí a bheith cáilithe

ina leith.

- **Ciorclán (102/2007) ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim Luathscóir do Mhúinteoirí**
Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscóir do Mhúinteoirí isteach. Is coinníoll de chuid na Scéime Luathscóir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar

amach in ailt 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht ciorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den Scéim seo agus má fhostaítear é in aon cháil i réimse ar bith san earnáil phoiblí, scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin Scéim. Cuirfear tús arís le híocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d’aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar ar íocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe sin san áireamh nuair a bheidh an íocaíocht pinsin á ríomh).

Scor ar Chúinsí Easláinte

Tabhair do d’aire gurb amhlaidh, i gcás duine ar bith a chuaigh ar scor roimhe seo de dheasca easláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais, go bhfuil ceanglas air a dhearbhu don eagraíocht a bhfuil an comórtas earcaíochta á reáchtáil aici, ag céim tosaigh an iarratais, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil aige.

Beidh ar iarratasóirí freastal ar oifig an Phríomhoifigigh Leighis go ndéanfar measúnú ar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a thabhairt, agus aird á tabhairt ar an gcoinníoll a d’fhág go raibh siad incháilithe scor de dheasca easláinte.

Ceapachán i ndiaidh scor ón tSeirbhís Phoiblí de dheasca easláinte:

Sa chás go n-éireoidh le hiarratas an iarratasóra sa chomórtas, ba cóir dó a bheith ar an eolas faoin méid seo a leanas:

1. Sa chás go measfar an t-iarratasóir a bheith folláin chun seirbhís rialta agus éifeachtach a thabhairt agus go sannfar do phost é, beidh deireadh lena phinsean de dheasca easláinte ón státseirbhís.
2. Sa chás go dteipfidh ar an iarratasóir an tréimhse phromhaidh a thabhairt chun críche nó sa chás go gcinneadh sé éirí as an bpost a sannadh dó, ní féidir filleadh ar stádas Scoir de dheasca Easláinte sa Státseirbhís, arbh ann dó sula ndearnadh an t-iarratas, ná ní bheidh teideal ina leith.
3. Déanfar ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair den iarratasóir ar a cheapadh sa chás go raibh briseadh níos mó ná 26 seachtaine ina sheirbhís inphinsin sa státseirbhís/sa tseirbhís phoiblí.

Ceapachán i ndiaidh scor ón tSeirbhís Phoiblí de dheasca easláinte:

1. Sa chás gur scoir duine ó chomhlacht sa tseirbhís phoiblí féadfaidh go mbeidh a phinsean easláinte ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithnithe ag teacht leis na rialacha maidir le scor de dheasca easláinte faoin scéim sin.
2. Sa chás go n-éireoidh le hiarratasóir, éileofar air, ag an gcéim dheiridh nuair a bheidh seiceálacha réamhfhostaíochta á ndéanamh, a dhearbhu cibé an bhfuil pinsean (easláinte nó eile) á fháil aige ón tseirbhís phoiblí agus d’fhéadfadh a phinsean seirbhíse poiblí a bheith faoi réir lacáiste.
3. Déanfar ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair den iarratasóir ar a cheapadh sa chás go raibh briseadh níos mó ná 26 seachtaine ina sheirbhís inphinsin sa státseirbhís/sa tseirbhís phoiblí.

Tabhair do d'aire go bhfuil fáil ar fhaisnéis níos mionsonraithe faoi na himpleachtaí dá bpinsean do dhaoine a bhfuil pinsean de dheasca easláinte á fháil acu ón státseirbhís nó ón tseirbhís phoiblí ach í a iarraidh.

Fabhrú Pinsin

Beidh teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i gcomhair pinsin i bhfeidhm sa chás go raibh duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí reatha amháin a bhí ann roimhe sin (i.e. Scéim pinsin nach Scéim Aonair í) de réir Acht 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain sin san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin ar aon cheapaí a fuair cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe sin.

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Bhreise (RAB) de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. **Nóta:** Tá asbhaintí RAB sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) atá de dhíth faoi rialacha do scéime pinsin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil i ndáil leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, féach ar an láithreán gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

FÓGRA TÁBHACHTACH

Is ionann an méid thuas agus na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe le bheith ina liosta cuimsitheach de théarmaí agus coinníollacha uile na fostaíochta a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a bheidh le comhaontú leis an iarrthóir (iarrthóirí) a n-éireoidh leis.

AN PRÓISEAS IOMAÍOCHTA

Conas iarratas a dhéanamh

Féadfar iarratais a dhéanamh ach an fhoirm iarratais is féidir a rochtain ar líne ag www.lawreform.ie & www.attorneygeneral.ie a chur isteach agus ní mór na gnéithe seo a leanas a áireamh leis:

Féadfar diúltú don iarratas mar gheall ar aon mhíchruinneas ag comhlánú na foirme. Dá bhrí sin is chun leasa duit féin é a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i ngach rannán ceart. Más gá leanúint ar bhileog ar leithligh tabhair an fhaisnéis ar an mbealach céanna is a thugtar í san fhoirm iarratais.

Nuair a thugtar cead iontrála do dhuine ar chomórtas, nó nuair a fhaigheann duine cuireadh chun freastal ar agallamh, ní hionann sin is a rá go bhfuil an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí sásta agus go gcomhlíonann an duine sin ceanglais an chomórtais nó nach ndícháilítear de réir dlí é/í ón bpost a shealbhú agus ní ghabhann ráthaíocht leis go ndéanfar d'iarratas a bhreithniú tuilleadh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh a fhios agat go bhfuil an fhreagracht ortsa a chinntiú go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas sula bhfreastalaíonn tú ar agallamh. Mura gcomhlíonann tú na buncheanglais iontrála sin ach go bhfreastalaíonn tú d'ainneoin sin ar agallamh beidh tú ag cur costais nach gá ort féin toisc nach mbeidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí freagrach as aon chostais a thabhaíonn tú a aisíoc leat.

Ba chóir iarratais a dhéanamh ar ríomhphost chuig recruitment@lawreform.ie

Dáta deiridh: Dé Céadaoin 19 Nollaig 2022 ag meán lae.

Ní ghlacfar le hiarratais a fuarthas tar éis an spriocdháta agus an t-am sin.

Ba cheart an fhoirm iarratais chomhlánaithe a chur ar aghaidh i ríomhphost chuig recruitment@lawreform.ie tráth nach déanaí ná Dé Céadaoin 19 Nollaig 2022 ag meán lae. Mura bhfaigheann tú admháil ag deimhniú go bhfuarthas d'fhoirm iarratais chomhlánaithe, téigh i dteagmháil le do thoil le Seirbhísí Dlíthiúla agus Corparáideacha, An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí – teileafón: 01-6377600 (lcs@lawreform.ie).

Modhanna Roghnúcháin

De ghnáth bíonn líon na n-iarratas a fhaightear ar phost níos mó ná an líon a theastaíonn chun folúntais reatha agus folúntais amach anseo a líonadh. Cé go bhféadfadh sé go gcomhlíonann tú ceanglais incháilitheachta an chomórtais, má tá an líon atá ag déanamh iarratas ar an bpost ar dhóigh a fhágann nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, féadfaidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí cinneadh a dhéanamh nach nglaofar ach ar líon áirithe iarrthóirí chun agallaimh. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun grúpa a roghnú i gcomhair agallaimh ar cosúil gurb iad, bunaithe ar scrúdú ar an bhfoirm iarratais, an dream is oiriúnaí don phost. Ní hé sin le rá nach bhfuil iarrthóirí eile oiriúnach nó nach bhfuil ar a gcumas tabhairt faoin bpost, ach tá roinnt iarrthóirí ann atá, prima facie, níos cáilithe agus/nó a bhfuil taithí níos ábhartha acu. Dá bhrí

sin is chun leasa duit féin é cuntas mionsonraithe agus cruinn a sholáthar de do cháilíochtaí/ thaithí ar an bhfoirm iarratais.

Áireofar iad seo a leanas leis na modhanna a úsáidfead chun an t-iarrthóir rathúil a roghnú:

- Gearrliostú (más gá) iarrthóirí bunaithe ar an bhfaisnéis atá ina bhfoirm iarratais.
- Má chuirtear ar an ngearrliosta iad, agallamh iomaíoch, ina bhféadfar cur i láthair agus/nó cleachtadh (cleachtaí) measúnaithe breise a chuimsiú freisin.

Samhlaítear go dtarlóidh gearrliostú i rith na seachtaine dar tús 9 Márta 2020 agus go mbeidh na hagallaimh ar siúl an tseachtain dár gcionn.

Tá sé de chúram ar gach iarratasóir iad féin a chur ar fáil ar an dáta(na dátaí) a shonróidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí agus aon socruithe is gá a dhéanamh lena chinntiú go bhfaighidh siad cumarsáid a seoladh chucu ag na sonraí teagmhála a sonraíodh ar a bhfoirm iarratais (is é an ríomhphost an meán cumarsáide is fearr, ach féadfar gnáthphost a úsáid nuair a mheastar iomchuí é). Ní bheidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí freagrach as aon chostais a thabhoídh iarrthóirí maidir lena n-iarrthóireacht.

Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, caithfead go rúnda le hiarratais.

Imréiteach Slándála

Lorgófar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána maidir le daoine aonair a bhreithneofar i gcomhair ceapacháin. Iarrfar ar an iarratasóir foirm ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais. Cuirfead an fhoirm sin ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh Éireannach agus sa Tuaisceart ag ar chónaigh siad. Féadfar fiosruithe a dhéanamh freisin le fórsa póilíneachta aon tír ina raibh cónaí ar an iarratasóir. Mura n-éireoidh leis/léi scriosfaidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí an fhaisnéis sin. Má bhreithnítear an t-iarratasóir ina dhiaidh sin le haghaidh post eile, iarrfar air/uirthi an fhaisnéis sin a sholáthar arís.

Cearta Iarrthóirí

Treoirínte chun déileáil le hachomhairc/iarratais ar athbhreithniú

Breithneoidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí iarratais ar athbhreithniú de réirfhorálacha na gcód cleachtais arna bhfoilsíú ag an CPSA agus dá dtagraítear sa bhileog chumhdaigh ar leathanach tosaigh an leabhráin seo. Tá na Cóid Chleachtais ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (www.cpsa.ie).

I gcás ina bhfuil iarrthóir míshásta le gníomh nó le cinneadh maidir lena iarratas nó lena hiarratas féadfaidh sé/sí athbhreithniú a lorg faoi Alt 7 den chód cleachtais a rialaíonn an próiseas earcaíocht ó dhuine sa chomhlacht earcaíocht (athbhreithneoir tosaigh). I gcás ina mbíonn iarrthóir fós míshásta i ndiaidh an athbhreithnithe tosaigh sin, féadfaidh sé/sí iarracht a dhéanamh go ndéanfadh “eadránaí cinntí” scrúdú ar an athbhreithniú tosaigh.

Mar rogha eile ar an méid thuas, is faoin iarrthóir é iarracht a dhéanamh an cás a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil, mar atá leagtha amach thíos. Má bhíonn iarrthóir fós míshásta tar éis aon phlé den sórt sin is faoi/fúithi é athbhreithniú foirmiúil a lorg.

An próiseas neamhfhoirmiúil

- Is féidir leis an iarrthóir leas a bhaint as an athbhreithniú neamhfhoirmiúil laistigh de cúig lá oibre ó fhógraítear an cinneadh tosaigh, agus ba cheart go dtarlódh sé sin de ghnáth idir an t-iarrthóir agus an duine a chuir an cinneadh in iúl (nó duine ábhartha).
- I gcás ina mbaineann an cinneadh atá á chur in iúl le céim eatrainmh de phróiseas roghnúcháin, ní mór an t-iarratas ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil a bheith faighte laistigh de dhá lá oibre ó fhaightear an cinneadh.
- I gcás ina mbíonn iarrthóir fós míshásta tar éis plé neamhfhoirmiúil den sórt sin, féadfaidh sé/sí na nósanna imeachta foirmiúla atá leagtha amach thíos a glacadh.
- Más mian leis an iarrthóir go ndéileálfaí leis an ábhar trí bhíthin athbhreithniú foirmiúil, ní mór dó/di é sin a dhéanamh laistigh de dhá lá oibre ón bhfógra maidir le toradh an athbhreithnithe neamhfhoirmiúil.

An Próiseas Foirmiúil: Athbhreithniú inmheánach

- Ní mór don iarrthóir dul i ngleic lena imní/himní maidir leis an bpróiseas i scríbhinn chuig an gCeannasaí Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha, An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí agus na gnéithe sin den ghníomh nó den chinneadh maidir lena hiarrthóireacht/ iarrthóireacht is mian leis/léi go ndéanfaí athbhreithniú air a leagan síos.
- Ní mór iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de dheich lá oibre ó fhógraítear an cinneadh tosaigh. I gcás ina mbaineann an cinneadh le céim eatrainmh de phróiseas roghnúcháin, ní mór an t-iarratas ar athbhreithniú a fháil laistigh de cheithre lá oibre.
- Ní bhronnfar aon síneadh ar na teorainneacha ama sin ach in imthosca eisceachtúla agus beidh sé sin faoi lánrogha an Choimisinéara Lánaimseartha nó Oifigeach Ainmnithe eile laistigh den Choimisiún.
- Ní mór an toradh a chur in iúl go ginearálta don iarrthóir laistigh de 20 lá oibre ó fhaightear an gearán nó an t-iarratas ar athbhreithniú. Gheobhaidh an t-iarrthóir toradh an athbhreithnithe trí bhíthin tuairisce i scríbhinn.
- I gcás ina mbíonn iarrthóir míshásta le toradh an athbhreithnithe tosaigh, féadfaidh sé/sí athbhreithniú a iarraidh ó eadránaí cinntí maidir le hiompar an athbhreithnithe tosaigh.

Athbhreithniú leis an eadránaí cinntí

Is é Uachtarán an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí a cheapann an t-eadránaí cinntí. Ní bheidh aon nasc ag an eadránaí cinntí leis an bpróiseas roghnúcháin agus breithneoidh sé/sí iarratais ar athbhreithniú i gcásanna nuair nach bhfuil iarrthóir sásta leis an toradh a bhí ar an athbhreithniú tosaigh. Beidh cinneadh an eadránaí cinntí maidir le cúrsaí den sórt sin críochnaitheach.

- Ní mór iarratas a dhéantar chuig an eadránaí cinní a bheith faighte laistigh de seacht lá oibre ó fhógraítear toradh an athbhreithnithe tosaigh.
- Ní mór toradh an imscrúdaithe a chur in iúl don iarrthóir i bhfoirm tuarascála i scríbhinn laistigh de 10 lá oibre.

I gcás ina gcreideann iarrthóir gur sháraigh gné den phróiseas Cód Cleachtais an CPSA, féadfaidh sé/sí socrú a dhéanamh é a imscrúdú faoi **Rannán 8** den chód cleachtais.

An próiseas neamhfhoirmiúil

- Molann an CPSA go mbainfeadh an t-iarrthóir leas an bpróiseas neamhfhoirmiúil chun iarracht a dhéanamh réiteach a fháil ar an ábhar leis an gcomhlacht earcaíochta. Má tá an t-iarrthóir fós míshásta féadfaidh sé/sí dul i muinín an phróisis foirmiúil laistigh de dhá lá oibre ó fhaigheann sé/sí fógra maidir leis an bpróiseas neamhfhoirmiúil.

An próiseas foirmiúil

- Má tá tú ag iarraidh athbhreithniú foirmiúil ní mór duit scríobh chuig an gCoimisinéir Lánaimseartha nó le hOifigeach Ainmnithe eile laistigh den Choimisiún ag tabhairt sonraí maidir le sárú an chóid cleachtais agus aon doiciméid ábhartha a d'fhéadfadh tacú leis an líomhain a chur faoi iamh.
- Ní mór an toradh a chur in iúl go ginearálta don iarrthóir laistigh de 20 lá oibre ó fhaightear an gearán nó an t-iarratas ar athbhreithniú. Mura féidir teacht ar chinneadh laistigh den fráma ama sin, coinneoidh an t-athbhreithneoir an t-iarrthóir ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe.
- I gcás ina mbíonn an t-iarrthóir míshásta le toradh an athbhreithnithe sin, féadfaidh sé/sí athbhreithniú eile a iarraidh ach an cheist a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí i bhfoirm achomhairc ar an athbhreithniú ar sealbhóir an cheadúnais. Ní mór dó/di scríobh chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí laistigh de dheich lá oibre ó fhaigheann sé/sí toradh athbhreithniú shealbhóir an cheadúnais a fháil.

Oibleagáidí iarrthóirí

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt ar aird go ndícháileoidh canbhasáil iad agus go ndéanfar iad a eisiáimh ón bpróiseas dá bharr.

Níor cheart d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta
- canbhasáil a dhéanamh ar aon duine le spreagthaí nó dá n-uireasa
- cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó baint de

Níor cheart do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas Féadfaidh aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chuidíonn le duine eile chun na forálacha thuas a shárú a bheith ciontach as coir.

Ina theannta sin, i gcás ina bhfaightear duine ciontach as coir agus gurbh iarrthóir a bhí ann nó atá ann ag próiseas earcaíochta, ansin:

- i gcás nár ceapadh é/í i bpost, dícháileofar é/í mar iarrthóir; agus
- i gcás inar ceapadh é/í chuig an bpróiseas earcaíochta lena mbaineann ina dhiaidh sin, caillfidh sé/sí an ceapachán sin.

Iarrthóireacht a mheas le haistarraingt

Iarrthóirí nach bhfreastalaíonn i gcomhair agallaimh nó scrúdaithe eile nuair a iarrann an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí orthu é agus san áit a iarrtar orthu é, nó nach dtugann, nuair a iarrtar orthu, fianaise den sórt sin a sholáthar, de réir mar a éilíonn an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí maidir le haon ábhar atá ábhartha dá n-iarrthóireacht, ní bheidh aon éileamh breise acu lena gcur san áireamh.

Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí

Tá sé mar aidhm againn seirbhís ardchaighdeáin den scoth a sholáthar dár gcustaiméirí ar fad. Má tharlaíonn sé, ar chúis ar bith, go bhfuil tú míshásta le haon ghné den tseirbhís a fhaigheann tú uainn, molaimid duit é sin a chur faoi bhráid an Ceannasaí Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha nó an bhaill foirne lena mbaineann. Tá sé sin tábhachtach toisc go gcinntíonn sé go bhfuilimid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir linn na céimeanna cuí a ghlacadh chun í a réiteach.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018

Nuair a fhaightear d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire i d'ainm, ina bhfuil go leor den fhaisnéis phearsanta atá tugtha agat. Úsáidtear an taifead pearsanta sin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil agus sin uile. Tá faisnéis den sórt sin a bhíonn á sealbhú ar ríomhaire faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha síos sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018. Tá tú i dteideal faoi na hAchtanna sin cóip a fháil, ag aon tráth, d'fhaisnéis fút, atá á coinneáil ar ríomhaire. Gearrann an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí táille €6.35 ar gach iarratas. Ba chóir duit seic nó ordú poist a chur faoi iamh agus d'iarratas a chur sa phost chuig:

An Ceannasaí Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha, An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, Styne House, Sráid Haiste, Baile Átha Cliath 2.

Déantar míreanna faisnéise faoi leith, nach mbaineann go sonrach le haon duine aonair, a bhaint ó na taifid ríomhaire chun críocha staitistiúla ginearálta.

Tabhair faoi deara: Is chun críocha faisnéise amháin an doiciméad seo, agus níl sé beartaithe mar léirmhíniú dlíthiúil ar aon doiciméad, treoirínte, nó reachtaíocht eile.

AGUISÍN – CREAT INNIÚLACHTA NA STÁTSEIRBHÍSE

SLEACHTA Ó LEIBHÉAL AN OIFIGH CHLÉIREACHAIS

Obair Fhoirne	Léiríonn ómós do chomhghleacaithe agus do chomhghleacaithe oibre
	Forbraíonn agus cothaíonn dea-chaidrimh oibre le daoine eile, ag roinnt faisnéise agus eolais, de réir mar is cuí
	Tairgeann a smaointe agus a peirspictíochtaí féin
	Tuigeann a ról féin san fhoireann, ag déanamh chuile iarracht chun a chion/cion a dhéanamh
Bainistíocht / Próiseáil Faisnéise	Tugann aghaidh ar an obair ar bhealach beacht eagraithe agus seachadann é
	Leanann nósanna imeachta agus prótacail, ag tuiscint a luacha agus an réasúnaíocht is cúis leo
	Coinníonn taifid ardchaighdeán a thuigeann daoine eile go héasca
	Tagann ar chonclúidí iomchuí ó fhaisnéis
	Molann bealaí nua le rudaí a dhéanamh ar bhealach níos fearr agus níos éifeachtúla
Seachadadh Torthaí	Glacann freagracht as an obair agus leanann ag obair lena thabhairt chuig an gcéad leibhéal eile iomchuí
	Cuireann obair i gcrích ar bhealach caoithiúil
	Téann in oiriúint go tapa do bhealaí nua le rudaí a dhéanamh
	Seiceálann an obair go léir go beacht lena chinntiú go dtugtar chun críche í ar chaighdeán ard agus foghlaimíonn ó bhotúin
	Scríobhann go cruinn sa ghramadach agus sa litriú agus tagann ar chonclúidí réasúnacha ó threoracha scríofa
	Sainaithníonn agus tuigeann an phráinn agus an tábhacht atá le tascanna difriúla
	Léiríonn cumas oibriú as a stuaim féin agus léiríonn solúbthacht chun a chinntiú go seachadtar an obair
Seirbhís do Chustaiméirí agus Scileanna Cumarsáide	Éisteann go gníomhach le daoine eile agus déanann sé/sí iarracht a bpeirspictíochtaí/gceanglais/riachtanais a thuiscint
	Tuigeann na céimeanna nó na próisis a chaithfidh custaiméirí a leanúint agus tá sé/sí ábalta é sin a mhíniú go soiléir
	Tá sé/sí ómósach, múinte agus gairmiúil, coinníonn guaim air/uirthi féin, fiú i dtosca dúshlánacha
	Tá sé/sí in ann a bheith géar nuair is gá agus labhraíonn le muinín agus le húdarás
	Labhraíonn sé soiléir agus go líofa ag labhairt agus ag scríobh
	Éisteann go gníomhach le daoine eile agus déanann sé/sí iarracht a bpeirspictíochtaí/gceanglais/riachtanais a thuiscint
Eolas Speisialaithe, Saineolas agus Féinfhorbairt	Forbraíonn agus cothaíonn na scileanna agus an saineolas is gá chun feidhmiú go héifeachtach sa ról, e.g. teicneolaíochtaí ábhartha, córais TF, scarbhileoga, Microsoft Office, beartais ábhartha etc.
	Tuigeann go soiléir an ról, na cuspóirí agus na spriocanna agus an chaoi a n-oireann siad d'obair an aonaid
	Tá sé/sí tiomanta d'fhéinfhorbairt agus déanann iarracht leanúnach feidhmíocht phearsanta a fheabhsú
Spreagadh agus Tiomantas do Luachanna na	Déanann iarracht leanúnach feidhmiú ar ardleibhéal agus seachadann seirbhís ardchaighdeán
	Fónann don Rialtas agus do mhuintir na hÉireann

Seirbhíse Poiblí	Tá sé/sí beacht agus coinsiasach, fiú más gnáthobair a bhíonn i gceist
	Tá sé díograiseach agus tá teacht aniar ann, ag coinneáil leis in éadan dúshlán agus buillí
	Is duine macánta é/í agus is féidir brath air/uirthi
	Gníomhaíonn le hionracas ag gach tráth